
# ELEATHANACH 373

Ugonna Duru




**DÉ LUAIN, AN 8 FEABHRA, 2021**

## 'Lamhalingo'


Chruthaigh Ugonna Duru aip nua. Is déagóir í Ugonna agus 'Lamhalingo' is ainm don aip. Tá Ugonna Duru seacht mbliana déag d'aois. Tá cónaí uirthi i gContae Chorcaí.

Is aip iontach í seo. Cabhraíonn an aip le múinteoirí agus le daltaí teanga chomharthaíochta a fhoghlaim.

Baineann 45,000 duine úsáid as teanga chomharthaíochta gach lá in Éirinn. Cabhraíonn an aip leat na dathanna, an aibítir agus beannachtaí a fhoghlaim.

Chabhraigh Kenny Olaniyi le Ugonna nuair a bhí ceisteanna aici. Maith thú, a Ugonna!

Teanga chomharthaíochta



'Dia Duit'

## Caoirigh i gCiarraí

Tá feirmeoirí i gCiarraí buartha faoi chaoirigh. Tá a lán daoine ag siúl sna sléibhte anois. Tógann siad madraí leo. Ritheann na madraí i ndiaidh na gcaorach. Bíonn na caoirigh trína chéile.


Labhair feirmeoir darb ainm Adrian Breathnach le RTÉ faoin bhfadhb seo. Bhris caora amháin a cos toisc gur rith madra ina diaidh.

D'iarr Adrian ar dhaoine madraí a fhágáil sa bhaile nó na madraí a choinneáil ar iall. Tá sé an-bhuartha faoi na caoirigh.




## Junk Kouture

Bhí an comórtas faisin Junk Kouture ar siúl Déardaoin. Ghlac 200 dalta iar-bhunscoile páirt sa chraobh seo. Ba iad Michelle Visage agus Louis Walsh na moltóirí.




Bhuaigh 'Synergy' an comórtas. Freastalaíonn na daltaí scoile ar phobalscoil Charn Domhnaigh i nDún na nGall.

D'éirigh leo gúna álainn a dhearadh agus a chruthú as cartáin bhainne, gloine farraige agus gloine athchúrsáilte. D'éirigh leo bruscar a athrú go faisean!

Bhí gúna álainn eile sa chomórtas darbh ainm 'Veredian Queen'. Is as an Tulach na daltaí scoile.

Rinne siad athchúrsáil ar 43,846 fáinne tarraingthe chun an gúna seo a chruthú! Nach raibh siad an-chliste!

Comhghairdeas leis na daltaí scoile ar fad!

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta